**Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 14 Samhain 2022 – Gencoal**

**(Cás C-669/21)** [1]

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas comhthéacs fíorasach agus rialála na díospóide a chur i láthair sna príomhimeachtaí mar aon leis na cúiseanna a thugann údar maith don riachtanas freagra a thabhairt ar an gceist arna tarchur chun réamhrialú – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlacthacht follasach)

*Ceisteanna a tharchuirtear – Inghlacthacht – Ceisteanna a chuirtear gan sonraí leordhóthanacha ar an gcomhthéacs fíorasach agus rialála agus ar na cúiseanna a thugann bonn cirt don ghá le freagra ar na ceisteanna dá dtagraítear – Do-ghlacthacht follasach*

*(Airteagal 267 CFAE; Reacht na Cúirte Breithiúnais, Airt. 23; Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, Airteagal 53 (2) agus Airteagal 94)*

*(féach míreanna 17-23 agus an chuid oibríochtúil)*

**An chuid oibríochtúil**

Tá an tarchur chun réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca do Porto – Juízo Central Cível da Póvoa de Varzim (Cúirt Dúiche Porto, Cúigiú Dlísheomra Sibhialta Póvoa de Varzim, an Phortaingéil), le cinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2021, do-ghlactha go follasach.

[1] IO C 64, 7.2.2022.